


**OD 1 SA 5  
HCAPROE,  
SI HGILIOD  
NA NAHMOD  
A HMAÉL**

**DO 1 AS 5  
EORPACH,  
IS DOILIGH  
AN DOMHAN  
A LÉAMH**

**GRÚPA ARDLEIBHÉIL AN AE AR  
AN LITEARTHACT**

ACHOIMRE FHEIDHMEACH, MEÁN FÓMHAIR 2012

**GNÍOMHAIGH  
ANOIS!**







# GRÚPA ARDLEIBHÉIL AN AE AR AN LITEARTHACHT ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Cuireann an tuarascáil seo ar ár súile dúinn an ghéarchéim litearthachta atá ag cur isteach ar gach tír san Eoraip. Ní mór dúinn tuiscint go bhfuil i bhfad níos mó i gceist leis an léitheoireacht agus leis an scríbhneoireacht ná teicníocht nó scil amháin. Baineann an litearthacht le féinmheas na ndaoine agus lena gcumas feidhmiú agus rath a bheith orthu sa tsochaí mar dhaoine aonair, mar shaoránaigh gníomhacha, fostaithe, nó tuismitheoirí. Ní mór don tsochaí aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fholaithe seo agus ní mór do chách gníomhú, agus gníomhú le chéile, le leibhéal litearthachta a spreagadh agus leis an neamhlitearthacht a laghdú. Tá paradacs le sonrú i saol an lae inniu: cé go n-éilíonn an aois dhigiteach leibhéal litearthachta níos airde is níos airde, leanann na milliúin Eorpach i ngach aoisghrúpa orthu de bheith ag teip ó thaobh an caighdeán cuí a bhaint amach.

Is go rómhínic a dhéanaimid suite de go bhfuil sé de chumas ag gach duine léamh agus scríobh, faisnéis a phróiseáil, agus dul i dteagmháil go criticiúil le foinsí iomadúla. I bhfad rómhínic glacaimid leis go bhfuil sé de dhualgas ar na múinteoirí, na scoileanna nó na rialtais amháin plé leis an litearthacht. Ach sin an rud – tá ról le cur i gcrích ag raon leathan páirtithe maidir le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna, ós rud é go dtéann na scileanna litearthachta i bhfeidhm ar an oiread sin gnéithe d'ár bhfeidhmiú sóisialta agus eacnamaíoch.

Achoimríonn an tuarascáil seo na príomhcheisteanna agus tugtar réitigh a d'fhéadfadh litearthacht a bhaint amach do chách san Eoraip.

# AG TUISCINT CAD IAD NA FADHBANNA & NA DEISEANNA: AN FÁTH GUR CEIST THÁBHACHTACH Í AN LITEARTHACHT

## EASPA SCILEANNA RIACHTANACHA LITEARTHACHTA AR CHUID MHÓR SAORÁNACH

Tá scileanna maithe litearthachta bunriachtanach le feabhas a chur ar shaol na ndaoine agus le fás eacnamaíoch atá láidir agus inbhuanaithe a chur chun cinn san Eoraip. Tugann an litearthacht an chumhacht don duine aonair cumais mhachnaimh, bheachtaíochta agus ionbhá a fhorbairt agus tá sí riachtanach don leas pearsanta. Déanta na fírinne, mura mbíonn méadú ann i dtaca le raon scileanna agus le táirgiúlacht an daonra in aois fostaíochta, ní féidir freastal a dhéanamh ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus shocheacnamaíocha na hEorpa. Is féidir fadhb na heaspa litearthachta a réiteach, agus torthaí dearfacha agus éifeachtacha ó thaobh costais de tugtha faoi deara ag na tíortha sin a ghlac cheana féin le raon éagsúil de chineálacha cur chuige le feabhas a chur ar na leibhéil litearthachta. Ach tá i bhfad níos mó fós le déanamh.

Is suntasach líon na nEorpach nach bhfuil cumas dóthaineach litearthachta acu. Léiríonn suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta nach bhfuil na scileanna léitheoireachta ag thart ar dhuine amháin as gach cúigear duine fásta agus ag duine amháin as gach cúigear de dhaoine 15 bliana d'aois a theastaíonn uathu le feidhmiú go hiomlán i sochaí an lae inniu.

Litearthacht níos fearr  
do dhaoine  
**AONAIR**

- Cabhrú le bochtanas barrmhéine a shárú
- Cumhachtú méadaithe
- Tuilleamh breise

- Níos mó rannpháirtíochta sibhialta
- Deiseanna feabhsaithe oideachais & fostaíochta

Is bunriachtanas í an litearthacht do shaoránaigh gach aoisghrúpa san Eoraip sa lá atá inniu ann, agus tá sí níos tábhachtaí ná riamh mar gheall ar athruithe i nádúr na hoibre, an gheilleagair, agus na sochaí go ginearálta. Is ceist thábhachtach í an litearthacht mar:

- teastaíonn scileanna litearthachta níos airde agus níos airde ó mhargadh an tsaothair;
- tá an rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta ag éirí níos spleáiche ar an litearthacht sa domhan digiteach;
- tá an digitiú ag athrú nádúr féin na litearthachta agus ag fágáil go bhfuil sí níos tábhachtaí arís, ós rud é go bhfuil an t-idirghníomhú agus an chumarsáid shóisialta, shibhialta agus eacnamaíoch bunaithe ar an bhfocal scríofa;
- tá an daonra ag dul in aois agus ní mór a gcuid scileanna litearthachta, scileanna digiteacha litearthachta san áireamh, a nuashonrú;
- cothaíonn an bochtanas agus leibhéal íseal litearthachta fáinne fí, ós rud é go mbíonn siad ag cothú a chéile; agus
- tá an ghluaiseacht agus an imirce mhéadaithe ag fágáil go bhfuil an litearthacht níos ilteangaí i rith an ama, ag cuimsiú raon leathan cúlraí cultúrtha agus teanga.

Paradacs atá le sonrú inár saol anois: cé go bhfuil an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht níos tábhachtaí agus níos ábhartha ná riamh roimhe seo i gcomhthéacs ár ndomhain dhigitithe, níl ár gcuid scileanna litearthachta in inmhe plé leis an suíomh seo. Ní mór dúinn an suíomh seo, ar cúis mhór imní é, a athrú go práinneach.

### TÁ INFHEISTÍOCHTAÍ SA LITEARTHACHT RÍTHÁBHACHTACH DO LEAS NA SAORÁNACH AGUS TÁ CIALL EACNAMAÍOCH LENA LEITHÉID

Tá ciall eacnamaíoch ag baint leis na hinfheistíochtaí le feabhas a chur ar leibhéal litearthachta na saoránach i ngach aoisghrúpa, ós rud é go dtáirgeann siad gnóthachain inláimhsithe do dhaoine aonair agus don tsochaí; san fhadtárma suim de na billiúin euro a bheas i gceist. Is réamhchoinníoll riachtanach é feabhsú na litearthachta d'fhás eacnamaíoch an AE sa todhchaí chomh maith le leas a chuid saoránach. Agus chomh maith leis na gnóthachain ábharacha, ní mór dúinn cuimhneamh gur gné bhunúsach d'ár nádúr daonna é cumas litearthachta a bheith againn. Cé gur féidir nach bhfuil luach eacnamaíoch inchainníochtaithe ag an féinmhuinín, spreagann an féinmhuinín céanna rath eacnamaíoch agus sóisialta bunaithe ar an mbarrmhian ratha.

Litearthacht níos fearr don  
**TSOCHAÍ**

- Feabhsú sláinte & leasa
- Laghdú an bhochtanais
- Laghdú na héagthroime
- Feabhsú an chaipitil shóisialta

- Eoraip a chruthú atá níos cothroime & níos rachmasaí agus níos dírithe ar an nuálaíocht

Is ann do roinnt míthuiscintí a chreidtear go forleathan faoi nádúr, faoi mhéid agus faoi scóip cheist na litearthachta agus faoi réiteach na faidhbe ar fud na hEorpa. Cuireann siad seo bac ar an bhforbairt liteartha ós rud é go mbíonn siad le fáil i measc daoine aonair agus lucht déanta polasaí araon. Le go mbainfimis dul chun cinn ceart amach, ní mór dúinn deireadh a chur leis na miotais seo ar dtús.

# AG CUR DEIREADH LE MÍTHUISCINTÍ

## MÍTHUISCINTÍ NA FÍRICÍ

‘Bíonn leibhéal íseal litearthachta le fáil sna tíortha atá i mbéal forbartha, ní fhéadfadh sé go mbíonn a leithéid le fáil san Eoraip!’

Teastaíonn na scileanna litearthachta sin a bhíonn de dhíth le feidhmiú go rafar i sochaí an lae inniu ó dhuine amháin as gach cúigear duine 15 bliana d’aois agus ó bheagnach duine fásta amháin as gach cúigear duine fásta san Eoraip.

‘Is fadhb é an leibhéal íseal litearthachta a thagann isteach leis na himircigh, ní leis na daoine sin a rugadh agus a tógadh i dtíortha Eorpacha.’

Rugadh agus tógadh mórchuid na leanaí agus na ndaoine fásta sin a bhfuil leibhéal íseal scileanna litearthachta acu sa tír ina maireann siad, agus teanga teagaisc na tíre céanna mar theanga dhúchais acu.

‘Ní bhaineann leibhéal íseal litearthachta ach le daoine atá ar imeall na sochaí.’

Teastaíonn scileanna litearthachta dóthanacha ó dhuine amháin as gach cúigear san Eoraip agus tá mórchuid acu fostaithe.

‘Tá daoine ann nach bhfuil ábalta léamh agus scríobh a fhoghlaim.’

D’fhéadfadh beagnach gach duine a mbíonn fadhbanna acu leis an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht scileanna litearthachta sásúla a fhorbairt, agus an tacaíocht chuí ar fáil acu. Is iad na daoine sin a bhfuil diandearachtaí cogaíocha amháin acu nach bhfuil sé de chumas acu litearthacht fheidhmiúil a fhorbairt.

‘Is iad na scoileanna atá freagrach as leanaí a theagasc conas léamh agus scríobh.’

Cuireann na scoileanna ról tábhachtach i gcrích ach ní hiadsan amháin atá freagrach. Múnlaíonn raon leathan páirtithe forbairt na litearthachta, ó thuismitheoirí go piaraí go seirbhísí sláinte agus eile. Tar éis an oideachais fhoirmeálta bíonn ról ríthábhachtach le cur i gcrích ag na fostóirí, rud a ghineann gnóthachan dearfach d’fhostóirí agus d’fhostaithe araon.

‘Is riocht doleigheasta í an disléicse, mar sin de ní féidir linn rud ar bith a dhéanamh faoi.’

Bítear ag súil leis níos mó anois go mbeadh leanaí an lae inniu ag déanamh dul chun cinn léitheoireachta agus scríbhneoireachta ag luas caighdeánach agus trí mheán modheolaíochta amháin. Is minic a aicmítear léitheoirí le deacrachtaí mar disléicseach. Ba chóir go ndéanfaí iad a aicmiú mar ‘léitheoir le deacrachtaí’, agus ba chóir go mbeifí ag díriú ar réiteach na faidhbe. Is féidir le gach leanbh, i bprionsabal, léamh agus scríobh a fhoghlaim.

‘Tógann sé rófhada, tá sé ródheacair agus róchostasach feabhas a chur ar scileanna léitheoireachta na ndaoine le deacrachtaí sa réimse sin le gurbh fhiú tabhairt faoi.’

Bíonn ard-ráta ratha ag baint le cláir ar aidhm leo feabhas a chur ar scileanna na léitheoirí le deacrachtaí, agus bíonn siad fíoréifeachtach ó thaobh costais de. Íocann an infheistiocht seo aisti féin na dosaenacha agus fiú na céadta uair, b’fhéidir, le linn saoil duine aonair.

‘Ní théann tuismitheoirí i bhfeidhm ar fhorbairt litearthachta a gcuid leanaí tar éis na luathbhlianta.’

Téann dearcadh agus cleachtais litearthachta na dtuismitheoirí i bhfeidhm go mór ar fhorbairt litearthachta a gcuid leanaí, an bealach ar fad ar fud na meánscolaíochta. Bíonn iarmhairt mhór ag idirghabhálacha ar fheabhsú scileanna tacaíochta na dtuismitheoirí ar litearthacht na leanaí.

‘Bíonn sé ródhéanach aon rud a dhéanamh faoi fhadhbanna litearthachta tar éis do leanaí an bhunscoil a fhágáil.’

Téann na milliúin leanaí isteach sa mheánscoil agus léamh acu, ach gan léamh maith go leor acu le go n-éireodh go maith leo ar scoil. Agus tacaíocht speisialaithe ar fáil acu, is féidir leis na daoine óga seo scileanna litearthachta maithe nó fiú ar fheabhas a fhorbairt.



# AG FRÁMÁIL NA RÉITEACH: CUR CHUIGE COMHOIBRÍOCH

## AG CRUTHÚ COMHÚINEIREACHTA

Breathnaíodh ar an litearthacht ar feadh i bhfad rófhada mar cheist a bhaineann leis an gcóras oideachais amháin. Is fadhb don tsochaí é leibhéal íseal litearthachta a mbíonn iarmhairtí ollmhóra ag baint leis d'ár gcuid uaillmhianta agus d'ár gcuid straitéisí faoin tsláinte phoiblí, faoin bhfostaíocht, faoin rannpháirtíocht dhigiteach, faoin e-Rialtas, faoin rannpháirtíocht shibhialta, faoin mbochtanas agus faoin gcuimsiú sóisialta. Le fíorfheabhsú a bhaint amach i gcúrsaí litearthachta éilítear úinéireacht pholaitiúil agus comhoibriú ar fud an speictrim pholaitiúil agus thairis sin amach. Ba chóir go mbeadh úinéireacht roinnte ag an tsochaí agus ag an rialtas ar na straitéisí litearthachta, agus go gclúdódís gach aoisghrúpa, agus ba chóir go mbeidís neamhspleách ar amchláir pholaitiúla.

## AG DÉANAMH ULLMHÚCHÁIN DON FHORBAIRT LITEARHTHA

Ba chóir don Eoraip barrmhianta níos airde a bheith aici, agus ba chóir di bheith ag díriú ar an litearthacht fheidhmiúil do gach saoránach. Ciallaíonn sin bheith tiomanta d'fhís mar a bhfuil sé doghlactha go mbeadh leibhéal na litearthachta feidhmiúla níos lú ná 100%. Ba chóir go mbeadh na rialtais, na scoileanna, na fostóirí agus na hEagraíochtaí Neamhrialtais (ENR) tiomanta do bhaint amach na cuspóra seo. Mar chuid den phróiseas seo:

- ba chóir comhpháirtíochtaí don fhorbairt liteartha a chruthú idir pháirtithe réimse na sochaí agus an oideachais;
- ba chóir do Bhallstáit an AE glacadh le straitéisí litearthachta cuimsitheacha, bunaithe ar cheapadh beartais eagraithe ar fud na rannóg agus na n-eagraíochtaí, ag cur na litearthachta ní hamháin i gcroílár an oideachais ach freisin i gcroílár gach beartais phoiblí ábhartha;
- ba chóir go gcuimseodh na straitéisí seo gach aoisghrúpa, ag tosú le leanaí óga, ag cuimsiú na leanaí ar fad in aois scoile, agus ag cur daoine fásta san áireamh;
- ba chóir go mbeadh mar chuid den iarracht straitéiseach spreagadh feasachta faoin bhfadhb agus ruaigeadh an choisc atá ar phlé cheist leibhéil ísil litearthachta, agus ba chóir go mbeadh mar chuid den iarracht chéanna suirbhéanna ar leibhéal scileanna an daonra agus monatóireacht dul chun cinn;
- ba chóir go mbeadh buiséid shásúla ag na straitéisí seo chomh maith le creatlaí fadtéarmacha do ghníomhaíocht náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; agus
- teastaíonn tiomantas polaitiúil ag an leibhéal is airde le go mbeadh an cheist ag barr an chláir oibre, agus an cheist ina ceist bheo agus fheiceálach ar fud na sochaí, agus le brú an mhóimintim a choinneáil ag gabháil do thionscnaimh ar an talamh.

# BEARTA MOLTA

Bunaithe ar an athbhreithniú atá déanta againn ar an bhfianaise, rinne an Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe ar an Litearthacht líon moltaí. Tá trí mholadh uileghabhálacha againn a bhaineann le gach aoisghrúpa:

## 1. Cruthaigh timpeallacht níos liteartha

Le timpeallacht liteartha a chruthú ní mór go mbeadh leabhair agus ábhair eile léitheoireachta ar fáil go réidh sa bhaile, sna scoileanna, sna leabharlanna agus in áiteanna eile, ar páipéar agus ar líne. Cuimsíonn sin, mar shampla, leabharlanna in áiteanna neamhghnácha, mar shampla ionaid siopadóireachta nó stáisiúin traenach. Bíonn cabhair de dhíth ar thuismitheoirí le feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus a gcuid muintíne maidir lena gcuid leanaí a spreagadh maidir le forbairt teanga agus léitheoireacht don phléisiúr. Ba chóir beartais cothaithe léitheoireachta a chur chun cinn leis an léitheoireacht a spreagadh chomh maith le rochtain ar leabhair, trí eagrú feachtas meán cumarsáide, aontaí leabhar, imeachtaí léitheoireachta poiblí, comórtais, agus duaiseanna leabhair. Ní mór dúinn meon gach páirtí de chuid na sochaí a athrú – ó thuismitheoirí go lucht déanta polasaí, ó sheirbhísí sóisialta agus sláinte go páirtithe oideachasúla, agus ó dhaoine aonair iad féin go gnólachtaí – sa tslí go dtuigeann siad go bhfuil a gcuid rannpháirtíochta ríthábhachtach do chothú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta, agus sa tslí gur féidir le gach duine foghlaim conas léamh agus scríobh leis an spreagadh agus leis an tacaíocht chearta.

## 2. Ardaigh leibhéal teagasc na litearthachta agus cuir níos mó tacaíochta léitheoireachta ar fáil

Le caighdeán na múinteoireachta a fheabhsú tosaítear le tabhairt isteach ard-riachtanas cáilíochta do gach múinteoir. Ba chóir go gclúdódh forbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach gnéithe litearthachta agus digiteacha go sonrach. Ba chóir go gcuimseodh oideachas múinteora raon leathan straitéisí teagaisc, teicníochtaí measúnaithe, agus gnáthaimh dhiagnóise fadhbanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a bhaineann go sonrach le cúrsaí litearthachta.

Is féidir le teagasc a bhfuil caighdeán níos airde ag baint leis cabhrú go suntasach le fadhb na litearthachta a laghdú. Is iad na príomhrudaí atá le déanamh ná:

- cinntiú gur gairm tharraingteach í an mhúinteoireacht agus múinteoirí a earcú ar bhealach roghnaitheach;
- ardleibhéal neamhspleáchais a thabhairt do mhúinteoirí; agus
- cinntiú go mbaineann múinteoirí leas ceart as an neamhspleáchas céanna trí oiliúint den scoth a thabhairt dóibh, i drús báire agus ar feadh a ngairmré araon.

Le tacú leo sa tasc seo, ní mór dúinn:

- cur san áireamh mar chuid d'oideachas tosaigh agus d'fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí bunscoile, meánscoile agus aosoideachais, raon leathan straitéisí teagaisc a bhaineann go sonrach le

cúrsaí litearthachta, lena n-áirítear gnéithe digiteacha, teicníochtaí measúnaithe, gnáthaimh do dhiagnóisiú fadhbanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta, agus feabhsú chumas na múinteoirí cumarsáid a dhéanamh le teaghlaiigh le dul i bhfeidhm ar an obair scoile agus lena comhlánú;

- feabhas a chur ar agus príomhshruthú a dhéanamh de luathdhiagnóis na ndeacrachtaí céadfacha, teanga, agus foghlama le tacaíocht oideachais níos éifeachtaí a sholáthar, ag tabhairt aghaidhe ar gach deacracht léitheoireachta agus scríbhneoireachta;
- dreasachtaí agus tacaíocht a thabhairt do chruthú straitéisí litearthachta ar fud na heagraíochta i scoileanna, ag fágáil go mbíonn pobal iomlán na scoile tiomanta d'ardú leibhéal na gnóhachtála sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht;
- curaclam litearthachta comhsheasmhach a fhorbairt ón oideachas luath-óige go dtí an fhoghlaim aosach;
- raon iomlán ábhar léitheoireachta a chlúdach, raon a chuimsíonn ábhar leictreonach go hábhar clóbhuailte, ó litríocht chanónta go nuachtáin agus greannáin;
- am dóthaineach a cheadú do theagasc na léitheoireachta agus do ghníomhaíochtaí saorléitheoireachta, ag ligean do na daltaí a n-ábhar léitheoireachta féin a roghnú agus a luas léitheoireachta féin a roghnú;
- caighdeán a roghnú bunaithe ar aois agus uirlisí measúnaithe a sholáthar le cabhrú le múinteoirí dul chun cinn a thomhas agus riachtanais tacaíochta breise a aithint, agus cinntiú go bhfuil an tacaíocht seo ar fáil;
- príomhshruthú a dhéanamh den litearthacht léitheoireachta ar fud an churaclaim, ag tabhairt aghaidhe ar gnéithe léitheoireachta sa churaclam d'ábhair eile ar fud réimse an mheánoideachais, bíodh oideachas acadúil nó gairmoideachais i gceist; agus
- curaclam a fhorbairt don litearthacht aosach. I gcás na ndaoine fásta, ba chóir do na curaclaim díriú ar fháil scileanna litearthachta trí mheán samplaí praiticiúla, ón bhfiorshaol agus/nó samplaí ón ionad oibre.

### 3. Méadaigh rannpháirtíocht agus cuimsiú

Le rannpháirtíocht níos cothroime agus níos uileghabhálaí a bhaint amach i réimse na foghlama litearthachta ní mór dúinn na bearnaí seo a leanas a dhúnadh:

**An bhearna shocheacnamaíoch:** is gnách go mbíonn leibhéal litearthachta níos ísle ag leanaí bochta agus faoi mhíbhuntáiste. Is í an bhearna a spreagtar ag an míbhuntáiste sóisialta an bhearna is suntasaí litearthachta nach mór don Eoraip aghaidh a thabhairt uirthi. Is féidir leis na rudaí seo a leanas cabhrú leis an mbearna seo a laghdú: córais oideachais níos cothromasaí, cinntiú na rochtana ar chúram agus oideachas na luath-óige atá inacmhainne agus d'ardchaighdeán, seachaint luathdhífreála na mac léinn de réir cumais i mbealaí oideachais éagsúla, seachaint athrá ranga, agus soláthar na tacaíochta agus an ábhair ar fad atá riachtanach do ghátair na leanaí i réimse an oideachais (mar shampla, trí mhaoiniú na leabhar, na n-éadaí agus na lóna).

**Bearna na n-imirceach:** bíonn leibhéal litearthachta níos ísle ag a lán imirceach i dteanga na tíre aíochta, cé nach fíor sin dóibh ar fad. Le haghaidh a thabhairt air sin, ní mór go mbeadh rochtain ag imirceigh nuathagtha, idir dhaoine fásta agus leanaí, ar scagadh teanga agus litearthachta agus ar dheiseanna foghlama teanga solúbtha, agus iad curtha in oiriúint do riachtanais aonair. Ba chóir go gcuirfí gníomhaíochtaí for-rochtana i bhfeidhm do thuismitheoirí imirceigh, ina bhfuil pobal na scoile rannpháirteach. Ba chóir plé leis an dátheangachas mar shócmhainn don fhorbairt bhreise theanga, ag spreagadh cothabháil agus bród teanga i gcás gach mionlaigh theangeolaíoch.

**An bhearna inscne:** bíonn leibhéal litearthachta níos ísle i gcás na ndéagóirí fir, agus tá na leibhéal sin ag dul i laghad. Bearna spreagthachta agus rannpháirtíochta atá sa bhearna inscne, go príomha. Le haghaidh a thabhairt uirthi teastaíonn ábhair níos tarraingte agus oscailt suas d'acmhainní digiteacha le go mbeadh an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht ábhartha do roghnachais na mbuaicailí, níos mó rólchuspáí fir a bhíonn rannpháirteach i gcúrsaí litearthachta, agus mealladh níos mó fear go gairm na múinteoirí.

**An bhearna dhigiteach:** ní hamháin go mbaineann daoine bochta agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste níos lú úsáide as an Idirlíon, ach is é an rud freisin, nuair a bhaineann siad úsáid as, go ndéanann siad a leithéid ar chúiseanna siamsaíochta níos mó ná ar chúiseanna oideachais. Ina theannta sin, i gcás a lán leanaí bíonn bearna le sonrú idir an cleachtas litearthachta ar scoil, mar a mbaineann siad úsáid as na meáin chumarsáide atá bunaithe ar ábhair chlóbhuailte, agus léitheoireacht agus scríbhneoireacht dhigiteach sa bhaile. I gcás na ndaoine fásta, is féidir go mbeadh trí chineál díbhinne ag baint le feabhsú a gcuid scileanna i geomhthéacs fhorbairt a gcuid scileanna digiteacha: forbairt na scileanna digiteacha féin, leabú na scileanna riachtanacha litearthachta a chuireann rochtain ar fáil do dhomhan scríofa na téacsála, cur ríomhphost, srl., agus cothú scileanna criticiúla le bheith in ann meastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí na faisnéise ar líne.

Ba chóir, mar sin de, go mbainfí úsáid as níos mó cleachtas digiteach foirmeálta agus neamhfhoirmeálta sna seomraí ranga agus san aosoideachas le spreagthacht na bhfoghlaiméoirí a spreagadh le tabhairt faoi léitheoireacht agus faoi scríbhneoireacht. Ba chóir scileanna a mhúineadh do mhúinteoirí ag gach leibhéal le TFC (Teichneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) a chomhtháthú i dteagasc na litearthachta. Ba chóir d'fhoilsitheoirí agus do tháirgeoirí bogearraí timpeallachtaí éagsúla léitheoireachta digiteá a sholáthar, ag ceadú níos mó úsáide TFC don fhoghlaim – agus ní don tsiamsaíocht amháin.

## AG TABHAIRT AGHAIDHE AR CHEISTEANNA SONRACHA LITEARTHACHTA:

# AN LITEARTHACHT DO GACH AOISGHRÚPA

Bíonn a chuid dúshlán suaithinseach féin maidir le fáil litearthachta ag baint le gach aoisghrúpa – go ginearálta, leanaí óga, leanaí bunscoile, déagóirí agus daoine fásta. Tugann an tuarascáil aghaidh freisin ar bhealach mionsonraithe ar cheisteanna sonracha a bhaineann leis na haoisghrúpaí seo. Seo a leanas ár gcuid moltaí de réir an aoisghrúpa:

### LEANAÍ ÓGA

#### 1. Spreag agus tacaigh leis an teaghlach

Cuir i bhfeidhm cláir litearthachta teaghlaigh le feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus tuismitheoireachta na dtuismitheoirí agus cruthaigh cultúr léitheoireachta don phléisiúr. Cuir ar fáil cúrsaí teanga do na tuismitheoirí sin nach bhfuil teanga na scoile ar a dtoil acu. Comhoibrigh le gnólachtaí, le ENR agus le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh (m.sh. seirbhísí sláinte) le for-rochtain a dhéanamh le tuismitheoirí agus lena ndéanamh rannpháirteach i gcláir litearthachta.

Cuir ar chumas na ndreamanna sin atá freagrach as seirbhísí tacaíochta teaghlaigh cabhrú le leanaí agus le tuismitheoirí araon maidir lena bhforbairt litearthachta.

#### 2. Feabhsaigh caighdeán chúram agus oideachas na luath-óige agus cuir ar fáil rochtain saor in aisce

Ceann de na hinfheistíochtaí is fearr ar féidir leis na Ballstáit a dhéanamh i gcaipiteal daonna na hEorpa sa todhchaí ná infheistiú méadaithe a dhéanamh i gcúram agus oideachas na luath-óige d'ardchaighdeán. Ba chóir go mbeadh cúram agus oideachas na luath-óige saor in aisce ar fáil do gach leanbh. Ciallaíonn 'd'Archaighdeán' foireann ardcháilithe agus curaclam atá dírithe ar fhorbairt na teanga trí shúgradh agus béim ar an teanga, sícealuaile agus forbartha sóisialta, agus scileanna litearthachta éiritheacha, ag tógáil ar chéimeanna forbartha nádúrtha na leanaí.

#### 3. Cinntigh luathscagadh do na fadhbanna litearthachta sin atá ag teacht chun cinn

Cinntigh go ndéantar tástáil ar gach leanbh óg maidir lena gcumas éisteachta, le radharc na súl agus leis an urlabhra agus sin ag an aois oiriúnach, agus go ndéantar fadhbanna a chur ina gceart chomh luath agus is féidir. Cuir i bhfeidhm córas luathscagtha do scileanna teanga agus réamhlitearthachta agus d'aithint agus le for-rochtain a dhéanamh dóibh siúd atá i mbaol titim ar gcúl nó bheith eisiata.

#### 4. Comhoibrigh i measc na bpáirtithe leasmhara ó thaobh peirsictíochta atá dírithe ar an leanbh

Spreag comhoibriú idir institiúidí chúram agus oideachas na luath-óige, tuismitheoirí, seirbhísí sláinte, leabharlanna, agus eagraíochtaí eile atá lárnach i saol na leanaí óga agus ina bhforbairt. Tacaigh le bunú agus le leathnú na gclár bronnta leabhar.

## NA BLIANTA BUNSCOILE

### 1. Méadaigh líon na múinteoirí léitheoireachta speisialaithe agus cothaigh cáilíochtaí do gach múinteoir bunskoile

Cruthaigh ról na múinteoirí léitheoireachta speisialaithe, agus iad ag gníomhú mar phríomhdhaoine acmhainne do mhúinteoirí bunskoile agus meánscoile eile leis an litearthacht a fheabhsú. Forbair bearta le seasamh agus tarraingteacht ghairm na múinteoirí bunskoile a fheabhsú, m.sh. trí mheán na dtuarastal, na ndea-choinníolacha oibre agus na n-ardriachtanas cáilíochta.

Cinntigh go bhfaigheann gach múinteoir nuacháilithe céim Mháistreachta, le hinníúlachtaí ar nós meastóireacht chriticiúil taighde litearthachta agus gnáthaimh nua theagaisc, cur in oiriúint teagasc d'éagsúlacht teangacha na ndaltaí agus spreagadh na dtuismitheoirí le bheith rannpháirteach in obair léitheoireachta agus scríbhneoireachta a gcuid leanaí ar scoil.

### 2. Luathidirghabháil

Bunaigh íoschaighdeáin bunaithe ar aois do ghnóthachtáil litearthachta, le tacaíocht ó mheasúnú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais aonair litearthachta na ndaltaí go luath. Cuir an chabhair a theastaíonn uathu chomh luath agus is féidir ar fáil do na daltaí agus do na scoileanna sin nach bhfuil ag éirí go maith leo. Tacaigh le tuismitheoirí le go dtuigfidís deacrachtaí foghlama agus le go mbeidís ag comhoibriú níos fearr leis na scoileanna le haghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí céanna. Athraigh meon na ndaoine maidir leis an dléisce, ag athrú na béime ón tacaíocht mhíochaine go dtí an tacaíocht oideachasúil do na léitheoirí sin a bhfuil deacrachtaí acu.

### 3. Cothaigh an spreagthacht léitheoireachta

Cinntigh go mbíonn curaclaim agus modhanna teagaisc ag díriú ar spreagthacht léitheoireachta agus scríbhneoireachta in éineacht le hardionchas ratha, le teip fhoghlama a sheachaint agus le muinín mhéadú. Cuir ábhair léitheoireachta ar fáil do leabharlanna scoile agus seomra ranga atá tarraingteach agus dúshlánach do gach aoisghrúpa agus do shainspéiseanna éagsúla. Bain úsáid as uirlisí TFC agus as léitheoireacht dhigiteach araon i scoileanna agus i ngníomhaíochtaí teaghlaigh baile. Forbair feachtais agus cláir a thairiscíonn acmhainní, tacaíocht agus deonaigh léitheoireachta do thuismitheoirí agus do dhaltaí atá faoi mhíbhuntáiste i gcomhthéacs na gclár litearthachta teaghlaigh.

## DÉAGÓIRÍ

### 1. Déan múinteoir litearthachta de gach múinteoir

Cuir in oiriúint cineálacha cur chuige teagaisc sa tslí go ndéantar an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht a theagasc mar scileanna bunriachtanacha ar fud churaclaim na meánscoile. Spreag feasacht i measc múinteoirí faoi thábhacht na scileanna litearthachta do gach cúrsa, le gach múinteoir a spreagadh le go mbreathnóidís ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht mar chuid dá gcuid freagrachta. Príomhshruthaigh litearthacht léitheoireachta ar fud an churaclaim, ag tabhairt aghaidhe ar ghnéithe léitheoireachta sna curaclaim ábhair ar fud na meánscolaíochta, bíodh oideachas acadúil nó gairmoideachas i gceist.

### 2. Cuir ar fáil na hábhair chearta le gach léitheoir a spreagadh, buachaillí go háirithe

Cuir ábhair léitheoireachta ar fáil a bhíonn níos éagsúla i rith an ama, ó ghreannáin go litríocht chanónta, ó SMS go e-leabhair. Bíodh an léitheoireacht dhigiteach ina gnáthchuid den obair i scoileanna ar fud na hEorpa. Cuir scileanna ar fáil do mhúinteoirí teanga agus litríochta sa tslí go mbíonn siad in ann níos mó TFC a úsáid ina gcuid ranganna.

### 3. Spreag comhoibriú scoile-gnólachta

Cothaigh, spreag agus éascaigh comhoibriú idir scoileanna agus gnólachtaí, ag fágáil go mbíonn meon ag daltaí a thuigeann go bhfuil na scileanna litearthachta bunriachtanach don fhorbairt phearsanta agus le post a fháil agus a choimeád.



# AG TABHAIRT AGHAIDHE AR CHEISTEANNA SONRACHA LITEARTHACHTA: AN LITEARTHACHT DO GACH AOISGHRÚPA

## DAOINE FÁSTA

### 1. Bunaigh córais le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil agus ar chleachtais na litearthachta aosai

Forbair sonraí faoi leibhéil ghnóthachtála liteartha i measc na ndaoine fásta, chomh maith le suirbhéanna náisiúnta agus réigiúnacha agus monatóireacht le grúpaí a aithint a bhfuil an-ghá acu le haire agus le straitéisí a phleanáil don todhchaí. Laistigh den mhéid sin, bunaigh fócas sonracha ar leibhéil litearthachta agus uimhearthachta an aos óig mhíshásta agus na gciontóirí, idir dhaoine fásta agus ógánaigh. Bain leas as suirbhéanna idirnáisiúnta, leithéidí PIAAC (an Clár do Mheasúnú Idirnáisiúnta na nInniúlachtaí Aosacha) atá le foilsiú, le beartais a spreagadh. Roinn cleachtais is fearr agus cruthaigh éileamh i measc na bpáirtithe sin nach bhfuil rannpháirteach go fóill.

### 2. Déan cumarsáid go forleathan faoin ngá atá ann le forbairt na litearthachta aosai

Dianaigh beartas agus feabhsaigh straitéisí atá dírithe ar leibhéil íseal litearthachta i measc na ndaoine fásta. Bain úsáid as cumarsáid dhíreach agus neamhdhíreach le daoine fásta a spreagadh lena gcuid fadhbanna litearthachta a aithint agus bearta a dhéanamh ansin le feabhas a chur ar a gcuid scileanna litearthachta. Ba chóir do na meáin chumarsáide deireadh a chur leis an gcosc pléite a bhaineann le leibhéil íseal litearthachta, ag díriú ar shaoránaigh dúchasacha de chuid an AE agus ar imircigh araon. Ní mór an fheasacht shochar a spreagadh: obair le ENR, leis na meáin chumarsáide, le fostóirí, le heagraíochtaí sochar agus le daoine clúiteacha le fágáil go mbeadh an fhadhb litearthachta agus réitigh don fhadhb chéanna le feiceáil go soiléir.

### 3. Treisigh gairm na múinteoirí litearthachta aosai

Méadaigh próifíl ghairmiúil an mhúinteora litearthachta aosai trí chur ar fáil oiliúna oideolaíche oiriúnaithe tosaigh agus leanúnach, dea-ionchais ghairme, agus luach saothair sásúil. Cuir ar fáil ábhair oiriúnacha teagasc agus foghlama agus cuir iad ar fáil saor in aisce. Dear gnáthaimh churaclaim agus measúnaithe a léiríonn tuiscint do riachtanais an fhoghlaimeora aosai. Tacaigh le deonaigh agus iad ag fáil scileanna oideolaíoch nó ag glacadh páirte i gclár atá dírithe ar dhul i bhfeidhm ar dhaoine fásta a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta agus dírithe ar iad a theagasc.

### 4. Cinntigh rochtain fhorleathan agus éagsúil ar dheiseanna foghlama

Cuir raon éagsúil deiseanna foghlama féinoiriúnaithe ar fáil do dhaoine fásta, a bhfuil fad agus luas sásúil acu, ag amanna oiriúnacha, in áiteanna oiriúnacha agus le tacaíocht TFC, agus bainteach le comhthéacs a saoil nó a gcuid oibre, más féidir sin. Bain úsáid as reachtaíocht náisiúnta agus réigiúnach le rochtain mhéadaithe ar chúrsaí d'ardchaighdeán litearthachta aosai a mhaoiniú, a shainordú agus le tacú leo. Comhoibrigh ar fud na rann rialtais agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le baill den tsochar ghnó agus den tsochar shibhialta le bacainní institiúideacha a laghdú. Comhoibrigh le fostóirí le litearthacht a chothú i measc a gcuid oibríthe agus le dreasachtaí a sholáthar do pháirtithe sóisialta le bheith freagrach as forbairt chlár litearthachta ag an obair. Spreag soláthróirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, chomh maith le gairm-mhúinteoirí agus gairmoiliúnaithe, le teagasc litearthachta a leabú laistigh dá gcuid clár. Aithin agus bailigh foghlaim neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil, ag cur béim ar leith ar ghnóthachtáil na ndaoine fásta i réimse na foghlama ó thaithí agus chomhdhlúthú intuigthe na faisnéise. Forbair clár éifeachtach le feabhas a chur ar litearthacht an aos óig mhíshásta agus na gciontóirí sin a bhfuil leibhéil íseal scileanna litearthachta acu.

# IS FÉIDIR CÓIPEANNA DEN TUARASCÁIL IOMLÁN A FHÁIL Ó

<http://ec.europa.eu/education/literacy>

An Coimisiún Eorpach

Grúpa Ardleibhéil an AE ar an Litearthacht.  
Achoimre Fheidhmeach, Meán Fómhair 2012

Lucsamburg: Oifig Foilseachán Oifigiúil an Aontais Eorpaigh  
2012 — 16 pp. — 21 x 29 cm

ISBN 978-92-79-25510-6  
doi:10.2766/3598

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an Idirlíon (<http://europa.eu>)  
Lucsamburg: Oifig Foilseachán Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, 2012  
© An tAontas Eorpach, 2012

Ní léiríonn ábhar na hachóimre feidhmí seo tuairim oifigiúil an Aontais Eorpaigh.  
Is iad na húdair amháin atá freagrach as an bhfaisnéis agus as na tuairimí a chuirtear  
in iúl san fhoilseachán seo.

Is ceadmhach an foilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

ISBN 978-92-79-25510-6



9789279255106

